



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 13 Iúil 2016
(OR. en)

EUCO 27/16

LIMITE

CO EUR 6
PV/CO EUR 3

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

Ábhar: Cruinniú de chuid na COMHAIRLE EORPAÍ
a bhí ar siúl an 28 Meitheamh 2016

CLÁR

Leathanach

1.	Idirphlé le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa	3
2.	An clár oibre a ghlacadh	3
3.	An Imirce	3
4.	Poist, fás agus infheistíocht	3
5.	Caidreamh seachtrach	4
6.	Toradh an reifrinn sa Ríocht Aontaithe	4
7.	Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp	4
8.	Na conclúidí a fhormheas	4
9.	Glacadh na miontuairiscí ón gcrúinniú a bhí ag an gComhairle Eorpach ar an 17-18 Márta 2016	4
	IARSCRÍBHINN	5

1. Idirphlé le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa

D'éist an Chomhairle Eorpach le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa.

2. An clár oibre a ghlacadh

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 28/16 é.

3. An Imirce

4. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid mar atá in Oirthear agus Lár na Meánmhara. Leag sí síos treoirlinnte soiléire maidir le gnéithe seachtracha na himirce agus d'iarr sí ar an Ardionadaí, ina cáil mar Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún an cur chuige nua seo a chur chun feidhme agus comhordú a dhéanamh idir institiúidí agus seirbhísí an Aontais agus na Ballstáit, d'fhonn na chéad chomhshocruithe a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana.
5. Thug an Chomhairle Eorpach faisnéis faoi na gnéithe maoiniúcháin freisin. Thíolaic Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) tionscnamh BEI i dtíortha Chomharsanacht an Deiscirt agus na mBalcán Thiar.

6. Poist, fás agus infheistíocht

7. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach go ginearálta na moltaí tír-shonracha mar a pléadh ag an gComhairle.
8. Ghlac sí Clár Oibre an Mhargaidh Aonair, agus d'iarr sí go ndéanfaí dul chun cinn tapa, diongbháilte i roinnt réimsí tábhachtacha agus go gcuirfí i gcrích agus go gcuirfí chun feidhme faoi 2018 straitéisí éagsúla an Mhargaidh Aonair (lena n-áirítear an straitéis maidir le fuinneamh).
9. Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin gcaibidlíocht atá á déanamh maidir leis an trádáil.
10. Rinne sí plé freisin ar an bPlean Infheistíochta don Eoraip, go háirithe an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) agus d'iarr sí go ndéanfaí scrúdú, mar ábhar práinne, ar na tograí atá ar na bacáin maidir le todhchaí CEIS.
11. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn a rinneadh san obair atá á déanamh chun bailchríoch a chur ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus d'fhormhuinigh sí an moladh maidir le Boird Náisiúnta Táirgiúlachta. Chuir sí in iúl freisin gur tosaíocht i gcónaí é an comhrac i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, agus i gcoinne sciúradh airgid, laistigh den Aontas agus go hidirnáisiúnta araon. Ar deireadh, dhírigh sí arís ar an staid in earnáil na talmhaíochta, go háirithe ar earnáil na déiríochta agus earnáil na muiceola.

12. Caidreamh seachtrach

Díríodh arís sa Chomhairle Eorpach ar an staid sa Libia.

Thíolaic an tArdionadaí Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tíolacadh an Straitéis agus iarradh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair.

Phléigh an Chomhairle Eorpach an comhar idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) i gcomhluadar Ardrúnaí ECAT, mar ullmhúchán don chruinniú mullaigh a bheidh ag ECAT i Vársá i mí Iúil. Thug sí dá haire go n-eiseoidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ráiteas in éineacht le hArdrúnaí ECAT i mí Iúil.

13. Chuir Príomh-Aire na hÍsiltíre an Chomhairle Eorpach ar an eolas maidir leis an reifreann a réachtáladh san Ísiltír i ndáil leis an gComhaontú Comhlachais leis an Úcráin. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle féachaint le réiteach a fháil a luaithe is féidir.

14. Toradh an reifrinn sa Ríocht Aontaithe

15. Chuir Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin toradh a bhí ar reifreann na Ríochta Aontaithe.

16. Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp

D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp (EUSALP) agus ba mhór aici gur iarradh ar na gníomhaithe uile, ina róil éagsúla, an infheictheacht, an chumarsáid agus an mhúscailt feasachta atá riachtanacha a áirithiú maidir le cuspóirí agus torthaí na Straitéise, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle an 27 Nollaig 2015 (14613/15).

17. Na conclúidí a fhorghnó

D'fhorghnó an Chomhairle Eorpach na conclúidí, lena léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 26/16 iad.

18. Glacadh na miontuairiscí ón gcrúinniú a bhí ag an gComhairle Eorpach ar an 17-18 Márta 2016

Ghlac an Chomhairle Eorpach na miontuairiscí ón gcrúinniú a bhí aici ar an 17-18 Márta 2016 mar a leagtar amach in EUCO 14/16 iad.

Ráiteas ón Ungáir agus Poblacht na Slóvaice

"Tá seasamh na hUngáire agus Phoblacht na Slóvaice maidir le mír 1 de na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2016 gan dochar do na gníomhartha dlíthiúla atá ar feitheamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2015 (Cás C-643/15 agus Cás C- 647/15)".

Ráiteas ón bPolainn

"Tá seasamh na Polainne maidir le mír 1 de na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2016 gan dochar do na gníomhartha dlíthiúla atá ar feitheamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2015 (Cás C-643/15 agus Cás C- 647/15), ina bhfuil an Pholainn tar éis idiragairt a dhéanamh chun tacú leis na hiarratasóirí".
